- (5) Mhol rialtas na Rómáine Daniel BĂLUȚĂ (*Mayor of District 4, Bucharest Municipality*), Petre Emilian NEAGU (*President of Buzău County Council*), Alin-Adrian NICĂ (*President of Timiș County Council*) agus Corneliu ȘTEFAN (*President of Dâmbovița County Council*), daoine ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla nó réigiúnacha ag a bhfuil cuntasacht pholaitiúil acu do thionól tofa iad ar fad, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.
- (6) Mhol rialtas na Rómáine Ionel Ovidiu BOGDAN (*President of Maramureș County Council*), Iustin-Marinel CIONCA-ARGHIR (*President of Arad County Council*), Aurelia FEDORCA (*Mayor of Negrești Oaș, Satu Mare County*), Adrian Ionuț GÂDEA (*President of Teleorman County Council*), Dănuț GROZA (*Mayor of Sânnicolau Mare, Timiș County*), Florin Tiberiu IACOB-RIDZI (*Mayor of Petroșani Municipality, Hunedoara County*), Ștefan ILIE (*Mayor of Tulcea Municipality, Tulcea*

(¹) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

(²) IO L 327, 17.12.2019, lch. 78.

(³) IO L 50, 15.2.2021, lch. 7.

County), Ion MÎNZÎNĂ (President of Argeş County Council) agus Dorin Cosmin VASILE (President of Dolj County Council), daoine ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla nó réigiúnacha ag a bhfuil cuntasacht pholaitiúil acu do thionól tofa iad ar fad, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar, leis seo, na hionadaithe do chomhlachtaí áitiúla agus réigiúnacha seo a leanas, ionadaithe ag a bhfuil cuntasacht pholaitiúil do thionól tofa, chun Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

- (a) mar chomhaltaí:
 - Daniel BĂLUȚĂ, *Mayor of District 4, Bucharest Municipality*,
 - Petre Emilian NEAGU, *President of Buzău County Council*,
 - Alin-Adrian NICA, *President of Timiș County Council*,
 - Corneliu ȘTEFAN, *President of Dâmbovița County Council*;
- agus
- (b) mar chomhaltaí malartacha:
 - Ionel Ovidiu BOGDAN, *President of Maramureș County Council*,
 - Iustin-Marinel CIONCA-ARGHIR, *President of Arad County Council*,
 - Aurelia FEDORCA, *Mayor of Negrești Oaș, Satu Mare County*,
 - Adrian Ionuț GÂDEA, *President of Teleorman County Council*,
 - Dănuț GROZA, *Mayor of Sânnicolau Mare, Timiș County*,
 - Florin Tiberiu IACOB-RIDZI, *Mayor of Petroșani Municipality, Hunedoara County*,
 - Ștefan ILIE, *Mayor of Tulcea Municipality, Tulcea County*,
 - Ion MÎNZÎNĂ, *President of Argeş County Council*,
 - Dorin Cosmin VASILE, *President of Dolj County Council*.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséal, 3 Bealtaine 2021.

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtaráin
A. P. ZACARIAS*

CINNEADH (CBES) 2021/748 ÓN gCOMHAIRLE

an 6 Bealtaine 2021

maidir le rannpháirtíocht Cheanada i dtionscadal “Soghluisteacht Mhileata” PESCO

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 46(6) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2017/2315 ón gComhairle an 11 Nollaig 2017 lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach (¹), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/1639 ón gComhairle an 5 Samhain 2020 lena mbunaítear na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stát a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO (²), agus go háirithe Airteagal 2(4) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnótháí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltéar le hAirteagal 9(2) de Chinneadh (CBES) 2017/2315 go bhfuil an Chomhairle chun a chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 46(6) den Chonradh, cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann tríú Stát, ar Stát é ar mian leis na Ballstát rannpháirteacha atá páirteach i dtionscadal cuireadh a thabhairt dó páirt a ghlaodh sa tionscadal sin, na ceanglais atá le bunú ag an gComhairle.
- (2) An 6 Márt 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/340 (³). Foráiltéar in Airteagal 1 den Chinneadh sin go ndéanfaidh 24 chomhalta an tionscadail, lena n-áiritear an Isiltír ina cáil mar chomhordaitheoir tionscadail, tionscadal dar teideal “Soghluisteacht Mhileata” (“tionscadal ‘Soghluisteacht Mhileata’ PESCO”) a fhorbairt faoi PESCO.
- (3) An 5 Samhain 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1639 lenar bunaíodh na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stát a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO. Foráiltéar le hAirteagal 2(4) den Chinneadh sin go bhfuil an Chomhairle chun a chinneadh, bunaithe ar fhógra ó chomhordaitheoir nó ó chomhordaitheoirí thionscadal de chuid PESCO agus tar éis don Choiste Polaitiúil agus Slándála tuairim a thabhairt uaidh, i gcomhréir le hAirteagal 46(6) den Chonradh agus le hAirteagal 9(2) de Chinneadh (CBES) 2017/2315, cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann rannpháirtíocht an tríú Stát sa tionscadal sin na coinníollacha ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3 de Chinneadh (CBES) 2020/1639.
- (4) An 15 Feabhra 2021, chuir Ceanada chuig comhordaitheoir thionscadal “Soghluisteacht Mhileata” PESCO a iarraidh ar rannpháirtíocht sa tionscadal sin, i gcomhréir le hAirteagal 2(1) de Chinneadh (CBES) 2020/1639. Rinne comhaltaí an tionscadail measúnú ansin, ar bhonn na faisnéise a chuir Ceanada ar fáil, an gcomhlíonann sé na coinníollacha ginearálta, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den Chinneadh sin.
- (5) An 17 Márt 2021, thug comhordaitheoir thionscadal “Soghluisteacht Mhileata” PESCO fógra don Chomhairle agus d’Ardionadaí an Aontais do Ghnótháí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 2(3) de Chinneadh (CBES) 2020/1639, gur chomhaontaigh comhaltaí tionscadail an tionscadal sin d’aoi toil ar an dáta sin gur mian leo cuireadh a thabhairt do Ceanada a bheith rannpháirteach sa tionscadal sin. Chomhaontaigh na comhaltaí tionscadail d’aoi toil chomh maith maidir le raon feidhme, foirm agus céimeanna ábhartha rannpháirtíocht Ceanada sa tionscadal sin agus go gcomhlíonann Ceanada na coinníollacha ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3 den Chinneadh sin.
- (6) An 30 Márt 2021, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála tuairim faoin bhfógra maidir leis an iarraidh ó Ceanada a bheith rannpháirteach i dtionscadal “Soghluisteacht Mhileata” PESCO. Go háirithe, thug an Coiste Polaitiúil agus Slándála dá aire an tuairisc ar an tionscadal sin de réir mar a fhoráiltéar san fhógra, lena n-áiritear a chuspóirí, a eagrúchán agus an chinnteoireacht a bhaineann leis chomh maith leis na réimsí oibre a ndíritear orthu.

(¹) IO L 331, 14.12.2017, lch. 57.

(²) IO L 371, 6.11.2020, lch. 3.

(³) Cinneadh (CBES) 2018/340 ón gComhairle an 6 Márt 2018 lena mbunaítear liosta na dtionscadal atá le forbairt faoi PESCO (IO L 65, 8.3.2018, lch. 24).

Thug an Coiste Polaitiúil agus Slándála dá aire freisin nach gcomhroinntear aon fhaisnéis rúnaicmithe nó íogair de chuid an Aontais Eorpaigh laistigh den tionscadal sin, agus nach bhfuil an tionscadal á chur chun feidhme le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint de réir bhrí Airteagal 3(g) de Chinneadh (CBES) 2020/1639. Thairis sin, thug an Coiste Polaitiúil agus Slándála dá aire nach bhfuil soláthar armála, ná taighde agus forbairt cumais, ná úsáid agus onnmhairiu arm nó cumas agus teicneolaíochta i gceist le tionscadal "Soghluisteacht Mhileata" PESCO; agus nach bhfuil baint ag eintitis, infheistíochtaí ná ag cistiú ó Bhallstát rannpháirteacha PESCO leis ná ag iarrataí ar chistiú ón Aontas le haghaidh gníomháiochtaí tionscadail.

- (7) Ina thuairim uaidh, d'aontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála freisin lena bhfuil beartaithe maidir le raon feidhme, an fhoirm agus méid rannpháirtíochta Ceanada i dtionscadal "Soghluisteacht Mhileata" PESCO, de réir mar a thuairiscítear san fhógra iad. D'admhaigh sé go raibh sé curtha in iúl ag Ceanada go dtacaíonn sé go hiomlán le raon feidhme an tionscadail sin mar a shainítear san fhógra é.
- (8) Sa tuairim chéanna, dhearbháigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an tuairim arna comhaontú d'aon toil ag comhaltaí thionscadal "Soghluisteacht Mhileata" PESCO go gcomhlíonann Ceanada na coinníollacha ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3 de Chinneadh (CBES) 2020/1639, mar a leanas:
 - Comhlíonann Ceanada na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3(a), ina gceanglaítear: déanann sé a chuid féin de na luachanna ar a bhfuil an tAontas foithiú, mar a leagtar síos iad in Airteagal 2 den Chonradh, agus de na prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 21(1) den Chonradh, chomh maith le cuspóirí an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES) i bpóintí (a), (b), (c) agus (h) d'Airteagal 21(2) den Chonradh; ní sháraíonn sé leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát, lena n-áirítear urraim do phrionsabal an deachaidrimh chomharsanúil leis na Ballstát, agus tá idirphlé polaitiúil ar siúl aige leis an Aontas, lenar cheart gnéithe slándála agus cosanta a chumhdach freisin agus páirt á glacadh aige i dtionscadal "Soghluisteacht Mhileata" PESCO;
 - a mhéid a bhaineann leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 3(b) i ndáil le breisluach substaintiúil Ceanada i dtaca le tionscadal "Soghluisteacht Mhileata" PESCO, tugtar achoimre mhionsonraithe san fhógra ar rannchuidiú Ceanada, lena n-áirítear maidir le raon feidhme, foirm agus méid a rannpháirtíochta sa tionscadal sin, lena dtugtar bunús le comhlíonadh an choinnill sin;
 - a mhéid a bhaineann leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 3(c), rannchuideoidh rannpháirtíocht Ceanada i dtionscadal "Soghluisteacht Mhileata" PESCO leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) agus le leibhéal uaillmhéine an Aontais a neartú, lena n-áirítear chun tacú le misin agus oibriochtaí CBSC, mar a shainítear freisin san fhógra;
 - a mhéid a bhaineann leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 3(d), ní thugann tionscadal "Soghluisteacht Mhileata" PESCO aghaidh ar sholáthar armála, taighde agus forbairt cumais, ná ar úsáid agus onnmhairiu arm, ná cumas agus teicneolaíochta. Ní dhéantar aon chumas ná teicneolaíochta a fhorbairt leis an tionscadal. Dá bhrí sin, le rannpháirtíochta Ceanada sa tionscadal, ní bheidh aon spleáchais ar Ceanada ná ní fhorchuirfidh Ceanada aon srianta i gcoinne aon Bhallstáit;
 - ina theannta sin, comhlíontar an chomhsheasmhacht a cheanglaítear, a leagtar amach in Airteagal 3(e), idir rannpháirtíocht Ceanada agus na gealltanais ábhartha is ceangáltí de chuid PESCO, lena n-áirítear freisin in-imscarthacht agus idir-inoibrithéacht fórsaí a bhfuil an tionscadal seo ag cuiдиú lena gcomhlíonadh, mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2315, de réir mar a mhionshonraítear tuilleadh san fhógra. Ós rud é nach tionscadal atá dírithe ar chumas é tionscadal "Soghluisteacht Mhileata" PESCO, níl feidhm sa chomhthéacs seo ag an gcoinníoll maidir le rannchuidiú rannpháirtíochta Ceanada le comhlíonadh na dtosaíochtaí a easraíonn as an bPlean Forbraíochta um Chumas agus as an Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint ná ag an gcoinníoll go mbeidh tionchar dearfach aige ar Bhonn Tionscláioch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpai;
 - comhlíontar an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 3(f), mar go bhfuil comhaontú um shlándáil faisnéise idir an tAontas agus Ceanada ⁽⁴⁾ i bhfeidhm ón 1 Meitheamh 2018;
 - níl feidhm ag an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 3(g) sa chás seo, ós rud é nach gcuirtear tionscadal "Soghluisteacht Mhileata" PESCO chun feidhme le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint agus níl gá, dá bhrí sin, le socrú riarracháin, ar ghabh éifeacht leis, leis an nGníomhaireacht sin;

⁽⁴⁾ Comhaontú idir Ceanada agus an tAontas Eorpach maidir le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 333, 15.12.2017, lch. 2).

- a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3(h), tá gealltanás tugtha ag Ceanada go bhféachfar le socrú riarracháin a bhaineann go sonrach leis an tionscadal a thabhairt i gcrích mar aon le haon doiciméadacht tionscadail eile is gá i gcomhréir le Cinntí (CBES) 2017/2315 agus (CBES) 2018/909 ón gComhairle (⁹).
- (9) Mhol an Coiste Polaitiúil agus Slándála ina thuairim uaidh an 30 Márta 2021, go ndéanfadh an Chomhairle cinneadh dearfach i dtaobh an gcomhlíonann rannpháirtíocht Cheanada i dtionscadal "Soghluaiseacht Mhíleata" PESCO na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Chinneadh (CBES) 2020/1639.
- (10) Ba cheart don Chomhairle, dá bhrí sin, cinneadh a dhéanamh go gcomhlíonann rannpháirtíocht Cheanada i dtionscadal "Soghluaiseacht Mhíleata" PESCO na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Chinneadh (CBES) 2020/1639. Dá éis sin, tá comhordaitheoir an tionscadail le cuireadh a sheoladh chuig Ceanada chun páirt a ghlacadh sa tionscadal sin, thar ceann chomhaltaí an tionscadail. Tosóidh Ceanada le bheith rannpháirtíochta sa tionscadal sin ar an dáta a shonraítear sa socrú riarracháin atá le déanamh ag comhaltaí an tionscadail agus ag Ceanada, i gcomhréir le hAirteagal 2(7) de Chinneadh (CBES) 2020/1639, agus na cearta agus na hoibleagáidí arna gcinneadh sa socrú riarracháin sin le bheith ag Ceanada, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) den Chinneadh sin. Feidhmeoidh an Chomhairle a maoirseacht i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Chinneadh (CBES) 2020/1639, agus i gcás imhosca dá dtagraítear in Airteagal 6(2) nó (3) den Chinneadh sin, féadfaidh an Chomhairle cinntí breise a dhéanamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Comhlíonann rannpháirtíocht Cheanada i dtionscadal "Soghluaiseacht Mhíleata" PESCO na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Chinneadh (CBES) 2020/1639.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Bealtaine 2021.

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtaráin
J. BORRELL FONTELLES*

^(⁹) Cinneadh (CBES) 2018/909 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2018 lena mbunaítear sraith choiteann rialacha rialachais do thionscadail PESCO (IO L 161, 26.6.2018, lch. 37).

CINNEADH (CBES) 2021/749 ÓN gCOMHAIRLE

an 6 Bealtaine 2021

maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i dtionscadal “Soghluaisteacht Mhíleata”

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 46(6) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2017/2315 ón gComhairle an 11 Nollaig 2017 lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach (¹), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/1639 ón gComhairle an 5 Samhain 2020 lena mbunaítear na coinníollacha ginearálta faoina bhfáidfaí cuireadh a thabhairt, ar bhonn eisceachtúil, do thríú Stát a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO (²), agus go háirithe Airteagal 2(4) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadáí an Aontais do Ghnótháí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le hAirteagal 9(2) de Chinneadh (CBES) 2017/2315 go bhfuil an Chomhairle chun a chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 46(6) den Chonradh, cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann tríú Stát, ar Stát é ar mian leis na Ballstáit rannpháirteacha atá páirteach i dtionscadal cuireadh a thabhairt dó páirt a ghlacadh sa tionscadal sin, na ceanglais atá le bunú ag an gComhairle.
- (2) An 6 Mártá 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/340 (³). Foráiltear in Airteagal 1 den Chinneadh sin go ndéanfaidh 24 chomhalta tionscadail, lena n-áirítear an Ísiltír ina cáil mar chomhordaitheoir tionscadail, tionscadal dar teideal “Soghluaisteacht Mhíleata” (“tionscadal Soghluaisteacht Mhíleata PESCO”) a fhorbairt faoi PESCO.
- (3) An 5 Samhain 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1639 lena mbunaíodh na coinníollacha ginearálta faoina bhfáidfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stát a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO. Foráiltear le hAirteagal 2(4) den Chinneadh sin go bhfuil an Chomhairle chun a chinneadh, bunaithe ar fhógra ó chomhordaitheoirí ó chomhordaitheoirí tionscadail de chuid PESCO agus tar éis don Choiste Polaitiúil agus Slándála (PSC) tuairim a thabhairt uaidh, i gcomhréir le hAirteagal 46(6) den Chonradh agus le hAirteagal 9(2) de Chinneadh (CBES) 2017/2315, cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann rannpháirtíocht an tríú Stát sa tionscadal sin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Chinneadh (CBES) 2020/1639.
- (4) An 12 Feabhra 2021, chuir Ríocht na hIorua (“an Iorua”) chuig comhordaitheoir thionscadal “Soghluaisteacht Mhíleata” PESCO a hiarraidh ar rannpháirtíocht sa tionscadal sin, i gcomhréir le hAirteagal 2(1) de Chinneadh (CBES) 2020/1639. Rinne comhaltaí an tionscadail measúnú ansin, ar bhonn na faisnéise a chuir an Iorua ar fáil, an gcomhlíonann sí na coinníollacha ginearálta, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den Chinneadh sin.
- (5) An 19 Mártá 2021, thug comhordaitheoir thionscadal “Soghluaisteacht Mhíleata” PESCO fógra don Chomhairle agus d’Ardionadáí an Aontais do Ghnótháí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 2(3) de Chinneadh (CBES) 2020/1639, gur chomhaontaigh comhaltaí tionscadail d’aoi toil an tionscadal sin ar an dáta sin gur mian leo cuireadh a thabhairt don Iorua a bheith rannpháirteach sa tionscadal sin. Chomhaontaigh na comhaltaí tionscadail d’aoi toil chomh maith maidir le raon feidhme, foirm agus céimeanna ábhartha rannpháirtíocht na hIorua sa tionscadal sin agus go gcomhlíonann an Iorua na coinníollacha ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3 den Chinneadh sin.
- (6) An 30 Mártá 2021, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála tuairim faoin bhfógra maidir leis an iarráidh ón Iorua a bheith rannpháirteach i dtionscadal “Soghluaisteacht Mhíleata” PESCO. Go háirithe, thug an Coiste Polaitiúil agus Slándála dá aire an tuairisc ar an dtionscadal sin de réir mar a fhoráiltear san fhógra, lena n-áirítear a chuspóirí, a eagrúchán agus an chinnteoireacht a bhaineann leis, chomh maith leis na réimsí oibre a ndíritear orthu. Thug an Coiste Polaitiúil agus Slándála ar aird freisin nach gcomhroinntear aon fhaisnéis rúnaicmithe ná íogair de

(¹) IO L 331, 14.12.2017, lch. 57.

(²) IO L 371, 6.11.2020, lch. 3.

(³) Cinneadh (CBES) 2018/340 ón gComhairle an 6 Mártá 2018 lena mbunaítear liosta na dtionscadal atá le forbairt faoi PESCO (IO L 65, 8.3.2018, lch. 24.)

chuid an Aontais Eorpaigh laistigh den tionscadal sin, agus nach bhfuil an tionscadal á chur chun feidhme le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint de réir bhrí Airteagal 3(g) de Chinneadh (CBES) 2020/1639. Thairis sin, thug an Coiste Polaitiúil agus Slándála dá aire nach bhfuil soláthar armála, ná taighde agus forbairt cumaí, ná úsáid agus onnmhairíú arm nó cumas agus teicneolaíochta i gceist leis an tionscadal "Soghluisteach Mhileata" PESCO; agus nach bhfuil baint ag eintitis, infheistíochtaí ná ag cistiú ó Bhallstát rannpháirteacha PESCO leis ná ag iarrataí ar chistíú ón Aontas le haghaidh gníomhaíochtaí tionscadail.

- (7) Ina thuairim uaidh, d'aontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála freisin lena bhfuil beartaithe maidir le raon feidhme, foirm agus méid rannpháirtíocht na hIorua sa tionscadal "Soghluisteach Mhileata" PESCO, de réir mar a thuairiscítear san fhógra iad. D'admhaigh sé go raibh sé curtha in iúl ag an Iorua go dtacaíonn sí go hiomlán le raon feidhme an tionscadail mar a shainítéar san fhógra é.
- (8) Sa tuairim chéanna, dhearbhaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an tuairim arna chomhaontú d'aon toil ag comhaltaí an tionscadail "Soghluisteach Mhileata" PESCO go gcomhlíonann an Iorua na coinníollacha ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3 de Chinneadh (CBES) 2020/1639, mar a leanas:
- comhlíonann an Iorua an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 3(a), ina gceanglaítear: déanann sí a chuid féin de na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, mar a leagtar síos iad in Airteagal 2den Chonradh, agus de na prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 21(1) CAE, chomh maith le cuspoír an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES) i bpóintí (a), (b), (c) agus (h) d'Airteagal 21(2) den Chonradh; ní sháraíonn sí leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát, lena n-áirítear urrainm do phrionsabal an dea-chaidrimh chomharsanúil leis na Ballstáit, agus tá idirphlé polaitiúil ar siúl aici leis an Aontas, lenar cheart gnéithe slándála agus cosanta a chumhdach freisin agus páirt á glacadh aici sa tionscadal "Soghluisteach Mhileata" PESCO;
 - a mhéid a bhaineann leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 3(b) i ndáil le breislúach substaintiúil na hIorua i dtaca le tionscadal "Soghluisteach Mhileata" PESCO, tugtar achoimre mhionsonraithe san fhógra ar rannchuidiú na hIorua, lena n-áirítear maidir le raon feidhme, foirm agus méid a rannpháirtíochta sa tionscadal sin, lena dtugtar bunús le comhlíonadh an choinnill sin;
 - a mhéid a bhaineann leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 3(c), rannchuvideoidh rannpháirtíocht na hIorua sa tionscadal "Soghluisteach Mhileata" PESCO leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) agus le leibhéal uaillmhéine an Aontais a neartú, lena n-áirítear chun tacú le misin agus oibríochtaí CBSC, mar a shainítéar freisin san fhógra;
 - a mhéid a bhaineann leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 3(d), ní thugann tionscadal "Soghluisteach Mhileata" PESCO aghaidh ar sholáthar armála, taighde agus forbairt cumaí, ná ar úsáid agus onnmhairíú arm, ná cumas agus teicneolaíochta. Ní dhéantar aon chumas ná teicneolaíochta a fhorbairt leis an tionscadal. Dá bhrí sin, le rannpháirtíochta na hIorua sa tionscadal sin, ní bheidh aon spleáchais ar an Iorua ná ní fhorchuirfidih an Iorua aon srianta i gcoinne aon Bhallstáit;
 - ina theannta sin, comhlíontar an chomhsheasmhacht a cheanglaítear, a leagtar amach in Airteagal 3(e), idir rannpháirtíochta na hIorua agus na gealtanais ábhartha is ceangáltí de chuid PESCO, lena n-áirítear freisin in-imscarthacht agus idir-inoibrítheacht fórsaí a bhfuil an tionscadal seo ag cuidíú lena gcomhlíonadh, mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2315, de réir mar a mhionshonraítear tuilleadh san fhógra. Ós rud é nach tionscadal atá dírithe ar chumas é tionscadal "Soghluisteach Mhileata" PESCO, níl feidhm sa chomhthéacs seo ag an gcoinníoll maidir le rannchuidiú rannpháirtíochta na hIorua le comhlíonadh na dtosaíochtaí a eascraíonn as an bPlean Forbraíochta um Chumas agus as an Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint, ná ag an gcoinníoll go mbeidh tionchar dearfach aici ar Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí;

- comhlíontar an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 3(f), mar go bhfuil comhaontú um shlándáil faisnéise idir an tAontas agus an Iorua (⁴) i bhfeidhm ón 1 Nollaig 2004;
 - níl feidhm ag an gcoinnioll a leagtar amach in Airteagal 3(g) sa chás seo, ós rud é nach gcuirtear tionscadal “Soghluisteacht Mhileata” PESCO chun feidhme le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint agus níl gá, dá bhrí sin, le socrú riarracháin, ar ghabh éifeacht leis, leis an nGníomhaireacht sin;
 - a mhéid a bhaineann leis an gcoinnioll a leagtar amach in Airteagal 3(h), tá gealltanás tugtha ag an Iorua go bhféachfar le socrú riarracháin a bhaineann go sonrach leis an tionscadal a thabhairt i gcrích chomh maith le haon doiciméadacht tionscadail eile is gó i gcomhréir le Cinntí (CBES) 2017/2315 agus (CBES) 2018/909 ón gComhairle (⁵).
- (9) Mhol an Coiste Polaitiúil agus Slándála ina thuairim uaidh an 30 Mártá 2021, go ndéanfadh an Chomhairle cinneadh dearfach i dtaobh an gcomhlíonann rannpháirtíocht na hIorua i dtionscadal “Soghluisteacht Mhileata” PESCO na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Chinneadh (CBES) 2020/1639.
- (10) Ba cheart don Chomhairle, dá bhrí sin, cinneadh a dhéanamh go gcomhlíonann rannpháirtíocht na hIorua i dtionscadal “Soghluisteacht Mhileata” PESCO na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Chinneadh (CBES) 2020/1639. Dá éis sin, tá comhordaitheoir thionscadal PESCO le cuireadh a sheoladh chuig Ceanada chun páirt a ghlacadh sa tionscadal sin, thar ceann chomhaltaí an tionscadail. Tosóidh an Iorua le bheith rannpháirteach sa tionscadal sin ar an dáta a shonraitear sa socrú riarracháin atá le déanamh ag comhalaí an tionscadail agus ag an Iorua, i gcomhréir le hAirteagal 2(7) de Chinneadh (CBES) 2020/1639, agus na cearta agus na hoibleagáidí arna gcinneadh sa socrú riarracháin sin le bheith ag an Iorua, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) den Chinneadh sin. Feidhmeoidh an Chomhairle a maoirseacht i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Chinneadh (CBES) 2020/1639, agus i gcás imthosca dá dtagraítear in Airteagal 6(2) nó (3) den Chinneadh sin, féadfaidh an Chomhairle cíntí breise a dhéanamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Comhlíonann rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i dtionscadal “Soghluisteacht Mhileata” PESCO na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Chinneadh (CBES) 2020/1639.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Bealtaine 2021.

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES*

(⁴) Comhaontú idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach maidir le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 362, 9.12.2004, lch. 29).

(⁵) Cinneadh (CBES) 2018/909 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2018 lena mbunaítear sraith choiteann rialacha rialachais do thionscadail PESCO (IO L 161, 26.6.2018, lch. 37).

CINNEADH (CBES) 2021/750 ÓN gCOMHAIRLE

an 6 Bealtaine 2021

maidir le rannpháirtíocht Stát Aontaithe Mheiriceá i dtionscadal “Soghluaiasteach Mhileata” PESCO

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 46(6) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2017/2315 ón gComhairle an 11 Nollaig 2017 lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach (¹), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/1639 ón gComhairle an 5 Samhain 2020 lena mbunaítear na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stát a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO (²), agus go háirithe Airteagal 2(4) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le hAirteagal 9(2) de Chinneadh (CBES) 2017/2315 go bhfuil an Chomhairle chun a chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 46(6) den Chonradh, cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann tríú Stát, ar Stát é ar mian leis na Ballstát rannpháirteacha atá páirteach i dtionscadal cuireadh a thabhairt dó páirt a ghlagadh sa tionscadal sin, na ceanglais atá le bunú ag an gComhairle.
- (2) An 6 Márta 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/340 (³). Foráiltear le hAirteagal 1 den Chinneadh sin go ndéanfaidh 24 chomhalta tionscadail, lena n-airítear an Ísiltír ina cáil mar chomhordaitheoir tionscadail, tionscadal dar teideal “Soghluaiasteach Mhileata” (“tionscadal ‘Soghluaiasteach Mhileata’ PESCO”) a fhorbairt faoi PESCO.
- (3) An 5 Samhain 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1639 lenar bunaíodh na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stát a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO. Foráiltear le hAirteagal 2(4) den Chinneadh sin go bhfuil an Chomhairle chun a chinneadh, bunaithe ar fhógra a thabharfaidh comhordaitheoir nó comhordaitheoirí thionscadal PESCO, agus tar éis don Choiste Polaitiúil agus Slándála (PSC) tuairim a thabhairt uaidh, i gcomhréir le hAirteagal 46(6) den Chonradh agus le hAirteagal 9(2) de Chinneadh (CBES) 2017/2315, cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann rannpháirtíocht an tríú Stát sa tionscadal sin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Chinneadh (CBES) 2020/1639.
- (4) An 23 Feabhra 2021, chuir Stát Aontaithe Mheiriceá (‘na Stát Aontaithe’) chuig comhordaitheoir thionscadal “Soghluaiasteach Mhileata” PESCO a n-iarraidh ar rannpháirtíocht sa tionscadal sin, i gcomhréir le hAirteagal 2(1) de Chinneadh (CBES) 2020/1639. Rinne comhalaí an tionscadail measúnú ansin, ar bhonn na faisnéise a chuir na Stát Aontaithe ar fáil, an gcomhlíonann siad na coinníollacha ginearálta, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den Chinneadh sin.
- (5) An 17 Márta 2021, thug comhordaitheoir thionscadal “Soghluaiasteach Mhileata” PESCO fógra don Chomhairle agus d’Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 2(3) de Chinneadh (CBES) 2020/1639, gur chomhaontaigh comhalaí tionscadail an tionscadal sin d'aon toil ar an dáta sin gur mian leo cuireadh a thabhairt do na Stát Aontaithe a bheith rannpháirteach sa tionscadal sin. Chomhaontaigh na comhalaí tionscadail d'aon toil chomh maith maidir le raon feidhme, foirm agus céimeanna ábhartha rannpháirtíocht na Stát Aontaithe sa tionscadal sin agus go gcomhlíonann na Stát Aontaithe na coinníollacha ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3 den Chinneadh sin.

(¹) IO L 331, 14.12.2017, lch. 57.

(²) IO L 371, 6.11.2020, lch. 3.

(³) Cinneadh (CBES) 2018/340 ón gComhairle an 6 Márta 2018 lena mbunaítear liosta na dtionscadal atá le forbairt faoi PESCO (IO L 65, 8.3.2018, lch. 24).

- (6) An 30 Márta 2021, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála tuairim faoin bhfógra maidir leis an iarraidh ó na Stát Aontaithe a bheith rannphárteach i dtionscadal "Soghluasteach Mhíleata" PESCO. Go háirithe, thug an Coiste Polaitiúil agus Slándála dá aire an tuairisc ar an tionscadal sin de réir mar a fhoráiltear san fhógra, lena n-áirítear a chuspóirí, a eagrúchán agus an chininteoreacht a bhaineann leis, chomh maith leis na réimsí oibre a ndírítear orthu. Thug an Coiste Polaitiúil agus Slándála dá aire freisin nach gcomhroinntear aon fhasnéis rúnaicmithe ná íogair de chuid an Aontais Eorpaigh laistigh den tionscadal sin agus nach bhfuil an tionscadal á chur chun feidhme le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint de réir bhrí Airteagal 3(g) de Chinneadh (CBES) 2020/1639. Thairis sin, thug an Coiste Polaitiúil agus Slándála dá aire nach bhfuil soláthar armála, ná taighde agus forbairt cumais, ná úsáid agus onnmhairíú arm, cumas agus teicneolaíochta i gceist le tionscadal "Soghluasteach Mhíleata" PESCO; agus nach bhfuil baint ag eintitis, infheistíochtaí, ná ag cistiú ó Bhallstát rannphárteacha PESCO leis ná ag iarrataí ar chistiú ón Aontas le haghaidh gníomhaíochtaí tionscadail.
- (7) Ina thuairim uaidh, d'aontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála freisin lena bhfuil beartaithe maidir le raon feidhme, foirm agus méid rannpháirtíochta na Stát Aontaithe i dtionscadal "Soghluasteach Mhíleata" PESCO de réir mar a thuairiscítear san fhógra iad. D'admhaigh sé go raibh sé curtha in iúl ag na Stát Aontaithe go dtacaíonn siad go hiomlán le raon feidhme an tionscadail sin mar a shainítear san fhógra é.
- (8) Sa tuairim chéanna, dhearbhaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an tuairim arna comhaontú d'aon toil ag comhaltaí thionscadal "Soghluasteach Mhíleata" PESCO go gcomhlíonann na Stát Aontaithe na coinníollacha ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3 de Chinneadh (CBES) 2020/1639, mar a leanas:
- comhlíonann na Stát Aontaithe an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 3(a), lena gceanglaítear: déanann siad a gcuid féin de na luachanna ar a bhfuil an tAontas foirthaithe, mar a leagtar síos iad in Airteagal 2 den Chonradh, agus de na prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 21(1) den Chonradh, chomh maith le cuspóirí an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES) i bpóintí (a), (b), (c) agus (h) d'Airteagal 21(2) den Chonradh; ní sháraíonn siad leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát, lena n-áirítear urraim do phrionsabal an dea-chairdrimh comharsanachta leis na Ballstáit, agus tá idirphlé polaitiúil ar siúl acu leis an Aontas, lenar cheart gnéithe slándála agus cosanta a chumhdach freisin agus páirt á glacadh i dtionscadal "Soghluasteach Mhíleata" PESCO;
 - a mhéid a bhaineann leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 3(b) i ndáil le breisluach substaintiúil na Stát Aontaithe i dtaca le tionscadal "Soghluasteach Mhíleata" PESCO, tugtar achoimre mhionsonraithe san fhógra ar rannchuidiú na Stát Aontaithe, lena n-áirítear maidir le raon feidhme, foirm agus méid a rannpháirtíochta sa tionscadal sin, lena dtugtar bunús le comhlíonadh an choinníll sin;
 - a mhéid a bhaineann leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 3(c), rannchuideoideach rannpháirtíochta na Stát Aontaithe i dtionscadal "Soghluasteach Mhíleata" PESCO leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) agus le leibhéal uaillmhéine an Aontais a neartú, lena n-áirítear chun tacú le misin agus oibríochtaí CBSC, mar a shainítear freisin san fhógra;
 - a mhéid a bhaineann leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 3(d), ní thugann tionscadal "Soghluasteach Mhíleata" PESCO aghaidh ar sholáthar armála, taighde agus forbairt cumais, ná ar úsáid agus onnmhairíú arm, ná cumas agus teicneolaíochta. Ní dhéantar aon chumas ná teicneolaíochta a fhorbairt leis an tionscadal. Dá bhri sin, le rannpháirtíochta na Stát Aontaithe sa tionscadal, ní bheidh aon spleáchais ar na Stát Aontaithe ná ní fhorchuirfidh na Stát Aontaithe aon srianta i gcoinne aon Bhallstát;
 - ina theannta sin, comhlíontar an chomhsheasmhacht a cheanglaítear, a leagtar amach in Airteagal 3(e) idir rannpháirtíochta na Stát Aontaithe agus na gealltanais ábhartha is ceangáltí de chuid PESCO, lena n-áirítear freisin in-imscrathacht agus idir-inoibrítheacht fórsaí a bhfuil an tionscadal seo ag cuidí lena gcomhlíonadh, mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2315, de réir mar a mhionshonraítear tuilleadh san fhógra seo. Ós rud é nach tionscadal atá difrithe ar chumas é tionscadal "Soghluasteach Mhíleata" PESCO, níl feidhm sa chomhthéacs seo ag an gcoinníoll maidir le rannchuidiú rannpháirtíochta na Stát Aontaithe le comhlíonadh na dtosaíochtaí a eascraíonn as an bPlean Forbraíochta um Chumas agus as an Athbhreithniú Comhordaithe Blantúil ar Chosaint ná ag an gcoinníoll go mbeidh tionchar dearfach acu ar Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí;
 - comhlíontar an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 3(f), mar go bhfuil comhaontú maidir le slándáil faisnéise (⁹) idir an tAontas agus na Stát Aontaithe i bhfeidhm ón 30 Aibreán 2007;

^(⁹) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Stát Aontaithe Mheiriceá maidir le slándáil faisnéise rúnaicmithe (IO L 115, 3.5.2007, lch. 30).

- níl feidhm ag an gcoinnioll a leagtar amach in Airteagal 3(g) sa chás seo, ós rud é nach gcuirtear tionscadal “Soghluaisteacht Mhileata” PESCO chun feidhme le tacaíocht ón Gníomhaireacht Eorpach um Chosaint agus níl gá, dá bhrí sin, le socrú riarracháin, ar ghabh éifeacht leis, leis an nGníomhaireacht sin;
 - a mhéid a bhaineann leis an gcoinnioll a leagtar amach in Airteagal 3(h), tá gealltanás tugtha ag na Stáit Aontaithe go bhféachfar le socrú riarracháin a bhaineann go sonrach leis an tionscadal a thabhairt i gcrích, mar aon le haon doiciméadacht tionscadail eile is gá i gcomhréir le Cinntí (CBES) 2017/2315 agus (CBES) 2018/909 ón gComhairle (⁹).
- (9) Mhol an Coiste Polaitiúil agus Slándála ina thuairim uaidh an 30 Márta 2021, go ndéanfadh an Chomhairle cinneadh dearfach i dtaobh an gcomhlíonann rannpháirtíochta na Stát Aontaithe i dtionscadal “Soghluaisteacht Mhileata” PESCO na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Chinneadh (CBES) 2020/1639.
- (10) Ba cheart don Chomhairle, dá bhrí sin, cinneadh a dhéanamh go gcomhlíonann rannpháirtíochta na Stát Aontaithe i dtionscadal “Soghluaisteacht Mhileata” PESCO na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Chinneadh (CBES) 2020/1639. Dá éis sin, tá comhordaitheoir thionscadal PESCO le cuireadh a sheoladh chuig na Stáit Aontaithe chun páirt a ghlaodadh sa tionscadal sin, thar ceann chomhaltaí an tionscadail. Tosóidh na Stáit Aontaithe le bheith rannpháirtíochta sa tionscadal sin ar an dáta a shonraítear sa socrú riarracháin arna dhéanamh ag comhaltaí an tionscadail agus ag na Stáit Aontaithe, i gcomhréir le hAirteagal 2(7) de Chinneadh (CBES) 2020/1639, agus na cearta agus na hoibleagáidí arna gcinneadh sa socrú riarracháin sin le bheith ag na Stáit Aontaithe, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) den Chinneadh sin. Feidhmeoidh an Chomhairle a maoirseacht i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Chinneadh (CBES) 2020/1639, agus i gcás imthosca dá dtagraítear in Airteagal 6(2) nó (3) den Chinneadh sin, féadfaidh an Chomhairle cinntí breise a dhéanamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Comhlíonann rannpháirtíochta Stáit Aontaithe Mheiriceá i dtionscadal “Soghluaisteacht Mhileata” PESCO na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Chinneadh (CBES) 2020/1639.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlaicta.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Bealtaine 2021.

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES*

⁹) Cinneadh (CBES) 2018/909 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2018 lena mbunaítear sraith choiteann rialacha rialachais do thionscadail PESCO (IO L 161, 26.6.2018, lch. 37).

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2021/751 ÓN gCOMHAIRLE

an 6 Bealtaine 2021

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria (¹), agus go háirithe Airteagal 30(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnótháí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 31 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/255/CBES.
- (2) Ba cheart an fhaisnéis a bhaineann le duine amháin i liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES a thabhairt cothrom le dáta.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2013/255/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Bealtaine 2021.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. BORRELL FONTELLES

^(¹) IO L 147, 1.6.2013, lch. 14.

IARSCRÍBHINN

I Roinn A ("Daoine") d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 36:

| | Ainm | Faisnéis aitheantaí | Cúiseanna | Dáta an liostaíthe |
|------|---|---|---|--------------------|
| "36. | Nizar AL-ASSAD (dá ngairtear freisin al-Asad, Assad, Asad, Assaad, Asaad, Al-Assaad) (اسعد, الاسعد, الاسد; نزار) | Dáta Breithe: 2.3.1948 nó 23.3.1948 nó Márt 1948; Náisiúntachtaí: Siriach, Liobánach, agus Ceanadach; Pas Siriach dar uimhir 011090258; Pas Liobánach dar uimhir RL0003434; Pas Ceanadach dar uimhir AG629220; Inscne: fireann | Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria a bhfuil dlúthbhaint aige leis an réimeas. Bainteach le teaghlaigh Assad agus Makhlouf. Mar sin, bhí sé rannpháirteach i réimeas na Siria, ag baint tairbhe as, nó bhí sé ag tacú ar bhealach eile le réimeas na Siria. Mórinfheisteoirí ola é, bunaitheoir agus ceann na cuideachta darbh ainm Lead Contracting & Trading Ltd. | 23.8.2011". |

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA